**S.3T**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar:- (35)

Egnatius, quod candidos habet dentes,
renidet usquequaque. si ad rei ventum est
subsellium, cum orator excitat fletum,
renidet ille; si ad pii rogum fili
lugetur, orba cum flet unicum mater,
renidet ille. quidquid est, ubicumque est,
quodcumque agit, renidet: hunc habet morbum,
neque elegantem, ut arbitror, neque urbanum.

**CATULLUS**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú cúig mharc déag gach aon cheist acu):- (45)

**(a)** Cén fáth a mbíonn cár gáire ar Egnatius i gcónaí?
**(b)** Cén saghas duine ba ea Egnatius, dar leat?
**(c)** Tá an focal 'renidet' ann arís is arís eile tríd an dán seo. Cén leide a thugann sé seo duit maidir le hiompar Egnatius?
**(d)** Cén **dá** ócáid a luaitear nuair nach gnách cár gáire a bheith ar dhuine?
**(e)** Scríobh nóta gairid ar Catullus.
**(f)** Roghnaigh dán eile ar do chúrsa a thaitin leat, agus abair cén fáth ar thaitin sé leat.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

(*Tar éis dia a dhéanamh de Romulus, thaispeáin sé é féin do dhuine de na Rómhánaigh*)

Romulus qui erat primus rex Romanus, multos annos regnabat. Tandem Iuppiter Romulum ad caelum portavit. Ecce! Nubes densissima solem celavit. Magnus imber incidit. Omnes cives tremores senserunt. Fulmina ad terram descenderunt. Cives fugerunt.
Proxima nocte senator Romanus Romulum in media via conspexit et vocem mirabilem audivit: "Gaudete, o cives Romani! Ego nunc sum deus et ex hoc tempore vos estis in mea tutela."

nubes: scamall. celo: ceilim. imber: cith báistí. fulmen: caor thine.
mirabilis: iontach. gaudeo: tagann lúcháir orm. tutela: cosaint.

**THALL➔**

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. **[80]**
(Is fiú deich marc gach aon cheist acu):-

*(Aeinéas ag tuama a athar)*

Aeneas comites convocat et inquit, "Troiani, dies adest quo pater meus periit. Iam tempus est ad tumulum ire et patris memoriam colere."

Aeneas Troianos ad tumulum ducit. Ubi perveniunt, Aeneas vinum in terram fundit et flores in tumulum ponit. Patrem salutat: "Salve, sancte pater," inquit, et sacrificia sollemnia facit. Comites quoque dona ad tumulum ferunt.

Sic Aeneas patris memoriam colit. Ludos etiam facit et certamina. Alii Troiani spectant, alii certant.

iam: anois. tumulus: tuama. colo: tugaim ómós do. fundo: doirtim.
pono: cuirim. certamen: cormórtas, iomaíocht.

**(i)** Cé leo a bhfuil Aeinéas ag labhairt? Cad as dóibh?
**(ii)** Cén lá a deir Aeinéas atá ann?
**(iii)** De réir Aeinéais, cad is mithid a dhéanamh anois?
**(iv)** Cad a dhéanann Aeinéas nuair a shroicheann sé tuama a athar?
**(v)** Cad a dhéanann Aeinéas tar éis dó beannú dá athair?
**(vi)** Cad a dhéanann a chompánaigh?
**(vii)** Cén tslí neamhghnách ina ndéanann Aeinéas bás a athar a chomóradh?
**(viii)** Cén pháirt a ghlacann na Traígh sa chomóradh neamhghnách seo?
**(ix)** Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas atá sa sliocht:-

convoco, duco, pervenio saluto, facio.

**(x)** Tabhair an Tuiseal Ocslaíoch, Uimhir Uatha, de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas atá sa sliocht:

dies, pater, memoria, vinum, ludus.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. ( Is fiú ochtó marc gach roinn):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Tar éis mórán laethanta, tháinig na Traígh chuig oileán na Sicile. (16)

**(b)** Anseo chonaic siad Polyphemus, arrachtach ollmhór. (16)

**(c)** Toisc go raibh sé dall, bhí Polyphemus ag siúl go mall i dtreo an chuain. (16)

**(d)** Bhí an t-arrachtach chomh mór sin go raibh eagla ar cheannaire na dTraíoch. (16)

**(e)** "Rithigí go dtí na longa!" ar seisean. "Táimid i mbaol mór." (16)

Traíoch: Troianus. arrachtach: monstrum. dall: caecus. go mall: lente.
tá eagla orm: timeo.

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(Athraíonn Fabius taicticí chun an ceann is fearr a fháil ar Hannibal)*

Hannibal cum exercitu per Alpes montes in Italiam venit. Ibi tres imperatores <u>clarissimos</u> superavit. Quod Hannibal Romanos <u>totiens</u> superaverat, Fabius dictator creatus est. Fabius <u>rationem</u> belli <u>mutavit.</u> Non enim Fabius <u>proelium commisit</u>, sed Hannibalem a <u>frumento</u> aliisque rebus prohibebat. Sic Fabius <u>fortitudinem</u> exercitus <u>augebat</u>. Fabius hoc consilio rem publicam <u>servavit</u>. <u>Fama</u> eius rei semper apud Romanos mansit.

clarus: cáiliúil. totiens: chomh minic sin. ratio: plean. muto: athraím.
proelium committo: téim chun catha. frumentum: arbhar. fortitudo: crógacht.
augeo: méadaím. servo: sábhálaim. fama: cáil.

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i bhfreagra ar bith. (20)

- **(i)** Cad é a bhí sa *corvus* agus conas a chabhraigh sé leis na Rómhánaigh buanna a fháil ar muir?
- **(ii)** Cén gníomh de chuid Hannibal a spreag an Dara Cogadh Púnach?
- **(iii)** Cad iad na taicticí a chabhraigh le Hannibal Cath Cannae a bhuachan sa bhliain 216 R. Ch?
- **(iv)** Cén matamaiticeoir cáiliúil a maraíodh nuair a ghabh na Rómhánaigh cathair Syracusae sa bhliain 211 R.Ch.?
- **(v)** Cé a dúirt na focail *Delenda est Carthago* agus cén ócáid a bhí i gceist?
- **(vi)** Cad a chuir ar Tiberius Gracchus leasuithe talamhaíochta a mholadh?
- **(vii)** Cén tábhacht a bhí le cathanna Aquae Sextiae agus Vercellae?
- **(viii)** Cérbh é Mithridates agus conas a chruthaigh sé fadhbanna do na Rómhánaigh den chéad uair?
- **(ix)** Cad iad na cumhachta a ghnóthaigh Pompeius ón *Lex Gabinia*?
- **(x)** Cén ócáid a bhí ann nuair a dúirt Julius Caesar na focail, *veni, vidi, vici*?

**B.** Rianaigh go gairid saol gairme míleata Sulla. Cén saghas duine ba ea Sulla, dar leat? (20)

**NÓ**

Scríbhneoir agus scoláire ba ea Cicero a bhí gníomhach chomh maith i saol an phobail. Rianaigh go gairid príomhimeachtaí a shaoil sa pholaitíocht. (20)


**THALL➔**

**6.** **Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i bhfreagra ar bith. (20)

**(i)** Cad iad na príomhdhualgais a bhí ar an *censor*?
**(ii)** Cad iad na dualgais a bhí ar an *haruspex*?
**(iii)** Cérbh iad na Maighdeanacha Veisteacha, agus cén ról a bhí acu?
**(iv)** Cén gaol a bhí idir *patronus* agus a chuid *clientes*?
**(v)** Sa teach Rómhánach, cad ba *impluvium* ann?
**(vi)** Luaigh **dhá** nós a raibh baint acu le searmanais phósta Rómhánacha.
**(vii)** Cad ba *bulla* ann agus cén fheidhm a bhí leis?
**(viii)** Luaigh **dhá** úsáid a bhaintí as ola olóige sa saol Rómhánach.
**(ix)** Cad ba *aquila* ann agus cén fheidhm a bhí leis san arm Rómhánach?
**(x)** Cérbh iad na *equites,* agus cén ról a bhí acu sa tsochaí Rómhánach?

**B.** Féach ar an léaráid thíos den searmanas Rómhánach nuair a bhíodh daor (sclábhaí) á shaoradh agus freagair na ceisteanna a leanann é:- (20)



**(i)** Déan cur síos ar a dtarlaíonn ag searmanas an tsaortha. (4)

**(ii)** Luaigh **dhá** bhealach choitianta ina ndéantaí daoir (sclábhaithe) de dhaoine sa saol Rómhánach. (4)

**(iii)** Samhlaigh go bhfuil fiche bliain caite mar dhaor (sclábhaí) agat i measc na Rómhánach. Chruthaigh tú go maith do do mháistir agus tá tú le do shaoradh anois. Déan cur síos ar do chuid oibre le linn blianta úd na daoirse (sclábhaíochta). Abair cén fáth a bhfuil tú le do shaoradh agus a bhfuil beartaithe agat a dhéanamh a luaithe agus a bheidh tú saor. (12)